**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/130 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 18 Eanáir 2023**

**lena leagtar síos rialacha i ndáil le cur chun feidhme Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cur i láthair ábhar na tuarascála bliantúla ar fheidhmíocht**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 ([1]), agus go háirithe Airteagal 134(14) agus Airteagal 150(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leagtar síos le Rialachán (AE) 2021/2115 creat dlíthiúil le haghaidh an Chomhbheartais Talmhaíochta (CBT) agus é sin bunaithe ar shamhail seachadta atá dírithe ar fheidhmíocht. Leis an Rialachán sin leagtar síos na cuspóirí sonracha de chuid an Aontais atá le baint amach trí bhíthin CBT. Sonraítear freisin leis an Rialachán sin na cineálacha idirghabhála, maille le ceanglais choiteanna de chuid an Aontais is infheidhme maidir leis na Ballstáit, agus lena linn sin fágtar solúbthacht ag na Ballstáit le haghaidh dhearadh a straitéise idirghabhála chun go dtabharfaí san áireamh inti a gcuid dálaí áitiúla, a gcuid riachtanas áitiúil agus a gcuid socruithe inmheánacha. Sonraítear sa Rialachán sin gur mó an fhreagracht atá ar na Ballstáit maidir leis an gcaoi a gcomhlíonann siad cuspóirí sonracha CBT agus a mbaineann siad spriocanna amach, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí chomhleanúnachas a áirithiú ar fud an iliomad uirlisí atá sa Phlean Straitéiseach CBT.

(2) Foráiltear le hAirteagal 128 de Rialachán (AE) 2021/2115 go bhfuil creat feidhmíochta le bunú ionas go mbeifear in ann tuairisciú, faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht na bPleananna Straitéiseacha CBT le linn a gcur chun feidhme, lena n-áirítear tuairisciú rialta a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí feidhmíochta agus faireacháin, agus ar nithe eile. De bhun Airteagal 129, pointí (b) agus (c), den Rialachán sin, is iad cuspóirí an chreata feidhmíochta faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn ionsar spriocanna na bPleananna Straitéiseacha CBT agus measúnú a dhéanamh ar thionchar, éifeachtacht, éifeachtúlacht, ábharthacht agus ar chomhleanúnachas idirghabhálacha na bPleananna Straitéiseacha CBT.

(3) Mar chuid bhunriachtanach den chreat feidhmíochta, de bhun Airteagal 134 de Rialachán (AE) 2021/2115 agus de bhun Airteagal 9(3), pointe (b), agus Airteagal 10 de Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), tá na Ballstáit le tuarascáil bhliantúil ar fheidhmíocht a chur ar fáil maidir le cur chun feidhme an Phlean Straitéisigh CBT, ina mbeidh faisnéis chainníochtúil agus faisnéis cháilíochtúil is ábhartha maidir le feidhmíocht a gcuid Pleananna Straitéiseacha CBT.

(4) Chun a áirithiú go mbeidh ábhar na dtuarascálacha bliantúla ar fheidhmíocht ag freagairt go héifeachtach do chuspóirí an chreata feidhmíochta a leagtar síos in Airteagal 129 de Rialachán (AE) 2021/2115, ba cheart struchtúr an ábhair a bheith sa chaoi go mbeifear in ann faisnéis a sholáthar, faisnéis is ábhartha don fheidhmíocht i ndáil le gach ceann de na cuspóirí sonracha CBT agus i ndáil le heilimintí cothrománacha a leagtar síos sa Rialachán sin lena ndéantar difear do chur chun feidhme an Phlean Straitéisigh CBT ina iomláine.

(5) De bhun Airteagal 124(3), pointí (a) agus (b), agus Airteagal 124(4), pointe (b), de Rialachán (AE) 2021/2115, tá an coiste faireacháin le scrúdú a dhéanamh ar an dul chun cinn i gcur chun feidhme an Phlean Straitéisigh CBT agus tá sé le tuairim a léiriú maidir leis na tuarascálacha bliantúla ar fheidhmíocht. Dá bhrí sin, ba cheart an fhaisnéis cháilíochtúil uile agus an fhaisnéis chainníochtúil uile a bheith sa tuarascáil bhliantúil ar fheidhmíocht, lena n-áirítear saincheisteanna a dhéanann difear do dhul chun cinn agus d'fheidhmíocht an Phlean Straitéisigh CBT i mbliain airgeadais ar leith chun go mbeidh an coiste faireacháin in ann a thuairim a bhunú maidir leis an tuarascáil bhliantúil ar fheidhmíocht.

([1]) IO L 435, 6.12.2021, lch. 1.

([2]) Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 (IO L 435, 6.12.2021, lch. 187).

(6) De bhun Airteagal 136 de Rialachán (AE) 2021/2115, tá na tuarascálacha bliantúla ar fheidhmíocht le bheith ina bpríomheilimint a fhónfaidh don scrúdú, i gcruinnithe athbhreithnithe bliantúla, ar fheidhmíocht na bPleananna Straitéiseacha CBT. An fhaisnéis a bheidh sna tuarascálacha bliantúla ar fheidhmíocht, tá sí le bheith ina bonn le hathbhreithniú débhliantúil ar fheidhmíocht, dá dtagraítear in Airteagal 135 den Rialachán sin.

(7) Foráiltear le hAirteagal 11(6) de Rialachán (AE) 2021/2115 go bhfuil na Ballstáit leis an gCoimisiún a chur ar an eolas sna tuarascálacha bliantúla ar fheidhmíocht maidir leis an líon iomlán heicteár ar íocadh tacaíocht ina leith, iarbhír, i dtaca leis na síolta ola lena mbaineann an Meabhrán Tuisceana dá dtagraítear in Airteagal 11(1) den Rialachán sin.

(8) Foráiltear le hAirteagal 137 de Rialachán (AE) 2021/2115, maidir leis na Ballstáit a dheonaíonn an íocaíocht bharrshonrach le haghaidh cadáis a leagtar síos i dTeideal III, Caibidil II, Roinn 3, Foroinn 2, den Rialachán sin, go bhfuil na Ballstáit sin le faisnéis a sholáthar don Choimisiún, faoin 15 Feabhra 2025 agus faoin 15 Feabhra gach bliain ina dhiaidh sin go dtí 2030, maidir le cur chun feidhme na híocaíochta sin sa bhliain airgeadais roimhe sin.

(9) Foráiltear le hAirteagal 138 de Rialachán (AE) 2021/2115, maidir leis na Ballstáit a dheonaíonn an chabhair idirthréimhseach náisiúnta a leagtar síos in Airteagal 147 den Rialachán sin, go bhfuil na Ballstáit sin le faisnéis a sholáthar don Choimisiún, faoin 15 Feabhra 2025 agus faoin 15 Feabhra gach bliain ina dhiaidh sin go dtí 2030, faoi chur chun feidhme na cabhrach sin sa bhliain airgeadais roimhe sin.

(10) Dá bhrí sin, sa tuarascáil bhliantúil ar fheidhmíocht, tá na Ballstáit leis an bhfaisnéis chainníochtúil agus cháilíochtúil uile a sholáthar a leagtar síos in Airteagal 134 de Rialachán (AE) 2021/2115, agus ina theannta sin, i gcás na mblianta airgeadais 2024 agus 2026, na réasúnuithe maidir le haon diall ó gharspriocanna dá dtagraítear in Airteagal 135(2) den Rialachán sin.

(11) Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit an fhaisnéis chainníochtúil dá dtagraítear in Airteagal 134(5) de Rialachán (AE) 2021/2115 a sholáthar sa tuarascáil bhliantúil ar fheidhmíocht, lena n-áirítear an caiteachas a dearbhaíodh sna cuntais bhliantúla agus atá ábhartha maidir leis na haschuir réadaithe, chomh maith le pionóis nó laghduithe eile, agus i gcás CETFT, cistí a cuireadh ar ceal nó a aisghabhadh dá dtagraítear in Airteagal 134(5), pointe (b), den Rialachán sin. Leis sin, cuirtear ar chumas an Choimisiúin an ríomh a fhíorú maidir le réiteach idir an t-ollchaiteachas is ábhartha maidir leis na haschuir dá dtagraítear in Airteagal 134(5), an chéad fhomhír, pointe (a), de Rialachán (AE) 2021/2115 agus na méideanna arna ndearbhú sna cuntais bhliantúla, lena léirítear an glanchaiteachas, a leagtar síos in Airteagal 32(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/128 ón gCoimisiún ([3]) arna thíolacadh ag na Ballstáit. Is gá sin chun críocha na measúnuithe dá dtagraítear in Airteagal 54(2) de Rialachán (AE) 2021/2116.

(12) Foráiltear le hAirteagal 2(5) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1317 ón gCoimisiún ([4]), maidir leis na Ballstáit a bhaineann úsáid as aon cheann de na maoluithe dá dtagraítear in Airteagal 1(1) den Rialachán Cur Chun Feidhme sin, go bhfuil na Ballstáit sin le measúnú ar nithe áirithe a chuimsiú sa tuarascáil bhliantúil ar fheidhmíocht atá le tíolacadh faoin 15 Feabhra 2024, eadhon measúnú ar éifeachtaí chur i bhfeidhm na maoluithe sin ar shlándáil dhomhanda an tsoláthair bia, ar chaomhnú an chomhshaoil agus ar an gcomhrac i gcoinne an athraithe aeráide.

(13) Dá bhrí sin, de bhun Airteagal 134(14) de Rialachán (AE) 2021/2115, ba cheart rialacha a leagan síos maidir le cur i láthair inneachar na dtuarascálacha bliantúla ar fheidhmíocht agus maidir le tarchur na dtuarascálacha sin chuig an gCoimisiún.

(14) Chun na tuarascálacha bliantúla ar fheidhmíocht a chur faoi bhráid an Choimisiúin, ba cheart do na Ballstáit úsáid a bhaint as an gcóras leictreonach um malartú slán faisnéise dá ngairtear “SFC2021”, dá bhforáiltear in Airteagal 3 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2289 ón gCoimisiún ([5]).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/128 ón gCoimisiún an 21 Nollaig 2021 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le gníomhaireachtaí íocaíochta agus comhlachtaí eile, bainistíocht airgeadais, imréiteach cuntas, seiceálacha, urrúis agus trédhearcacht (IO L 20, 31.1.2022, lch. 131).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1317 ón gCoimisiún an 27 Iúil 2022 lena ndéantar foráil maidir le maoluithe ar Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le cur i bhfeidhm chaighdeáin 7 agus 8 maidir le dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil talún (caighdeáin DRTC) le haghaidh na bliana éilimh 2023 (IO L 199, 28.7.2022, lch. 1).

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2289 ón gCoimisiún an 21 Nollaig 2021 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cur i láthair ábhar na bPleananna Straitéiseacha CBT agus maidir leis an gcóras leictreonach um malartú slán faisnéise (IO L 458, 22.12.2021, lch. 463).

(15) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ó Choiste an Chomhbheartais Talmhaíochta,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Cur i láthair ábhar na tuarascála bliantúla ar fheidhmíocht**

Déanfaidh na Ballstáit ábhar na tuarascála bliantúla ar fheidhmíocht dá bhforáiltear in Airteagal 134 de Rialachán (AE) 2021/2115 a chur i láthair mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

**An tuarascáil bhliantúil ar fheidhmíocht a thíolacadh**

Is i bhformáid leictreonach a thíolacfaidh na Ballstáit an tuarascáil bhliantúil ar fheidhmíocht, trí bhíthin an chórais leictreonaigh um malartú slán faisnéise dá ngairtear "SFC2021", dá bhforáiltear in Airteagal 3 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2289.

*Airteagal 3*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an seachtú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 18 Eanáir 2023

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

**Cur i láthair ábhar na tuarascála bliantúla ar fheidhmíocht dá dtagraítear in Airteagal 134 de Rialachán (AE) 2021/2115**

1. SINTÉIS AR STAID CHUR CHUN FEIDHME AN PHLEAN STRAITÉISIGH CBT I nDÁIL LEIS AN mBLIAIN AIRGEADAIS ROIMHE SIN

Beidh sa roinn seo an fhaisnéis cháilíochtúil dá dtagraítear in Airteagal 134(7), pointe (a), de Rialachán (AE) 2021/2115.

1.1. **Achoimre ar staid chur chun feidhme an Phlean Straitéisigh CBT**

Cuimseofar san fhoroinn seo achoimre ar dhul chun cinn chur chun feidhme an Phlean Straitéisigh CBT le linn na bliana airgeadais roimhe sin.

Féadfar freisin achoimre a chuimsiú san fhoroinn seo ar na príomh-shaincheisteanna a rinne difear d'fheidhmíocht an Phlean Straitéisigh CBT sa bhliain airgeadais roimhe sin agus a thuairisceofar go mion i bhforoinn 1.2, lena n-áirítear bearta a rinneadh chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin.

1.2. **Staid chur chun feidhme an Phlean Straitéisigh CBT de réir cuspóirí sonracha agus cuspóirí trasghearrtha**

Maidir le gach cuspóir sonrach agus gach cuspóir trasghearrtha dá dtagraítear in Airteagal 6(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2021/2115, cuimseofar san fhoroinn seo tuairisc ar na saincheisteanna a rinne difear d'fheidhmíocht an Phlean Straitéisigh CBT sa bhliain airgeadais roimhe sin, i gcás inarb iomchuí, agus tabharfar cúiseanna leis sin agus, i gcás inarb ábhartha, tuairisc ar na bearta a rinneadh chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin.

Mar chomhlánú ar an bhfaisnéis a sholáthrófar faoi fhoroinn 2.1, féadfar mínithe a chur san fhoroinn seo i dtaca le luachanna gnóthaithe na dtáscairí toraidh, maidir le dialltaí na luachanna sin ó na garspriocanna comhfhreagracha.

1.3. **Gnéithe cothrománacha de chur chun feidhme an Phlean Straitéisigh CBT**

Cuimseofar san fhoroinn seo tuairisc ar an dul chun cinn a rinneadh i dtreo chur chun feidhme an Phlean Straitéisigh CBT sa bhliain airgeadais roimhe sin, sainaithint saincheisteanna a rinne difear do chur chun feidhme an Phlean Straitéisigh CBT sa bhliain airgeadais roimhe sin, agus, i gcás inarb ábhartha, bearta chun aghaidh a thabhairt orthu, i ndáil le rialachas, líonraí agus gníomhaíochtaí reachtacha nó neamhreachtacha náisiúnta is ábhartha maidir le cur chun feidhme agus feidhmíocht an Phlean Straitéisigh CBT.

Féadfar tuairisc a chuimsiú san fhoroinn seo ar na saincheisteanna a rinne difear d'fheidhmíocht an Phlean Straitéisigh CBT sa bhliain airgeadais roimhe sin agus nach féidir a thuairisciú faoi chuspóirí sonracha nó faoi chuspóirí trasghearrtha i bhforoinn 1.2.

1.4. **Maolú ar chaighdeáin DRTC in 2023**

Má bhain an Ballstát úsáid as an maolú dá bhforáiltear in Airteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1317, cuimseofar san fhoroinn seo measúnú ar éifeachtaí chur i bhfeidhm an mhaolaithe sin ar shlándáil dhomhanda an tsoláthair bia, ar chaomhnú an chomhshaoil agus ar an gcomhrac i gcoinne an athraithe aeráide, i gcomhréir le hAirteagal 2(5) den Rialachán Cur Chun Feidhme sin.

2. FAISNÉIS CHAINNÍOCHTÚIL, FAISNÉIS CHÁILÍOCHTÚIL FAOI DHIALL LUACHANNA TÁSCAIRÍ TORAIDH Ó GHARSPRIOCANNA AGUS RÉASÚNÚ I dTACA LE BARRACHAS NA nAONADMHÉIDEANNA RÉADAITHE I gCOMPARÁID LEIS NA hAONADMHÉIDEANNA BEARTAITHE

Cuimseofar sa roinn seo an fhaisnéis cháilíochtúil dá dtagraítear in Airteagal 134(4) agus (5) de Rialachán (AE) 2021/2115. Cuimseofar ann freisin faisnéis cháilíochtúil a mhéid a bhaineann le dialltaí ó gharspriocanna dá dtagraítear in Airteagal 134(7), pointe (b), den Rialachán sin.

Cuimseofar ann an fhaisnéis cháilíochtúil éigeantach dá dtagraítear in Airteagal 134(9) den Rialachán sin. Féadfar an fhaisnéis cháilíochtúil roghnach a chuimsiú ann dá dtagraítear in Airteagal 134(8) den Rialachán sin.

Tuairisceofar na torthaí gnóthaithe agus na haschuir réadaithe i gcomhréir leis na modhanna ríofa a leagtar síos san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2290 ón gCoimisiún ([1]).

## 2.1. Luachanna gnóthaithe na dtáscairí toraidh

Cuimseofar san fhoroinn seo an luach a gnóthaíodh sa bhliain airgeadais roimhe sin in aghaidh gach ceann de na táscairí toraidh a leagtar amach sa Phlean Straitéiseach CBT agus an t-achar go dtí an gharsprioc bhliantúil chomhfhreagrach a leagtar síos sa Phlean Straitéiseach CBT, agus tabharfar na cúiseanna, i gcás inarb iomchuí, le dialltaí ó gharspriocanna agus, i gcás inarb ábhartha, cur síos ar na bearta a rinneadh, i gcomhréir le hAirteagal 134(7), pointe (b), de Rialachán (AE) 2021/2115.

Sa tuarascáil bhliantúil ar fheidhmíocht atá le tíolacadh faoin 15 Feabhra 2025, cuimseofar freisin san fhoroinn seo réasúnú maidir le haon easnamh is mó ná 35 % i sroicheadh na ngarspriocanna ábhartha i gcomhair bhliain airgeadais 2024, dá dtagraítear in Airteagal 135(2) den Rialachán sin.

Sa tuarascáil bhliantúil ar fheidhmíocht atá le tíolacadh faoin 15 Feabhra 2027, cuimseofar freisin san fhoroinn seo réasúnú maidir le haon easnamh is mó ná 25 % i sroicheadh na ngarspriocanna ábhartha i gcomhair bhliain airgeadais 2026, dá dtagraítear in Airteagal 135(2) den Rialachán sin.

## 2.2. Aschuir réadaithe — aonadmhéideanna — maoiniú náisiúnta breise

Ina aghaidh gach aonadmhéid a leagtar amach sa Phlean Straitéiseach CBT, cuimseofar san fhoroinn seo na haschuir réadaithe, an caiteachas comhfhreagrach agus na haonadmhéideanna réadaithe i gcomhréir le hAirteagal 134(5) de Rialachán (AE) 2021/2115.

Féadfar réasúnú a chuimsiú san fhoroinn seo i dtaca le haon bharrachas ar an aonadmhéid réadaithe i gcomparáid leis an aonadmhéid tagartha comhfhreagrach a leagtar síos in Airteagal 134(8) den Rialachán sin.

Cuimseofar san fhoroinn seo réasúnú i dtaca le haon bharrachas ar an aonadmhéid réadaithe i gcomparáid leis an aonadmhéid tagartha dá dtagraítear in Airteagal 134(6) agus (8) de Rialachán (AE) 2021/2115 más mó an barrachas sin ná 50 %, mar a leagtar síos in Airteagal 134(9) den Rialachán sin.

Níl feidhm ag an dara mír ná ag an tríú mír maidir le táscairí aschuir ar mar chinn a úsáidtear le haghaidh faireacháin amháin a mharcáiltear iad in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin.

### 2.2.1. *Aonadmhéideanna réadaithe le haghaidh idirghabhálacha i bhfoirm íocaíochta dírí*

Cuimseofar an méid seo a leanas san fhaisnéis a sholáthrófar faoin bhforoinn seo:

(a) aschuir réadaithe;

(b) caiteachas arna ríomh de bhun Airteagal 134(5), an chéad fhomhír, pointe (b), de Rialachán (AE) 2021/2115 ('ollchaiteachas') is ábhartha maidir leis na haschuir réadaithe, lena n-áirítear na heilimintí seo a leanas ar ina leith a rinneadh an t-ollchaiteachas a ríomh:

 (i) méideanna nár íocadh tar éis laghdú agus uasteorannú, a leagtar síos in Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2021/2115;

 (ii) méideanna nár íocadh tar éis feidhmiú smachta airgeadais, a leagtar síos in Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2021/2116;

 (iii) méideanna nár íocadh tar éis pionós, a leagtar síos in Airteagal 45(1), pointe (b), Airteagal 59(1), pointe (d), agus in Airteagail 85 agus 89 de Rialachán (AE) 2021/2116;

([1]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2290 ón gCoimisiún an 21 Nollaig 2021 lena leagtar síos rialacha maidir leis na modhanna chun na comhtháscairí aschuir agus toraidh a ríomh a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 (IO L 458, 22.12.2021, lch. 486).

(iv) caiteachas arna dhearbhú sna cuntais bhliantúla is ábhartha maidir leis na haschuir réadaithe, a leagtar síos in Airteagal 32(1), pointe (b), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/128 ('glanchaiteachas');

(c) na haonadmhéideanna réadaithe is toradh air sin.

2.2.2. *Aonadmhéideanna réadaithe le haghaidh idirghabhálacha in earnálacha áirithe*

Cuimseofar an méid seo a leanas san fhaisnéis a sholáthrófar faoin bhforoinn seo:

(a) aschuir réadaithe;

(b) caiteachas arna ríomh de bhun Airteagal 134(5), an chéad fhomhír, pointe (b), de Rialachán (AE) 2021/2115 ('ollchaiteachas') is ábhartha maidir leis na haschuir réadaithe, lena n-áirítear na heilimintí seo a leanas ar ina leith a rinneadh an t-ollchaiteachas a ríomh:

(i) i gcás inarb infheidhme, méideanna nár íocadh mar gheall ar theorannú an chúnaimh airgeadais arna bhunú ar an sciar de luach na táirgeachta arna margú, dá dtagraítear in Airteagal 52(2) agus Airteagal 68(3) de Rialachán (AE) 2021/2115;

(ii) méideanna nár íocadh tar éis pionós, a leagtar síos in Airteagal 45(1), pointe (b), Airteagal 59(1), pointe (d), de Rialachán (AE) 2021/2116;

(iii) caiteachas arna dhearbhú sna cuntais bhliantúla is ábhartha maidir leis na haschuir réadaithe, a leagtar síos in Airteagal 32(1), pointe (b), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/128 ('glanchaiteachas');

(c) na haonadmhéideanna réadaithe is toradh air sin.

2.2.3. *Aonadmhéideanna réadaithe le haghaidh idirghabhálacha san fhorbairt tuaithe*

Cuimseofar an méid seo a leanas san fhaisnéis a sholáthrófar faoin bhforoinn seo:

(a) aschuir réadaithe cé is moite d'aschuir arna nginiúint go heisiach trí mhaoiniú náisiúnta breise;

(b) caiteachas arna ríomh de bhun Airteagal 134(5), an chéad fhomhír, pointe (b), de Rialachán (AE) 2021/2115 ('ollchaiteachas') is ábhartha maidir leis na haschuir réadaithe, lena n-áirítear na heilimintí seo a leanas ar ina leith a rinneadh an t-ollchaiteachas a ríomh:

(i) méideanna arna n-aisghabháil, a leagtar síos in Airteagal 57 de Rialachán (AE) 2021/2116;

(ii) méideanna nach n-íoctar tar éis pionós, a leagtar síos in Airteagal 45(2), pointe (b), Airteagal 59(1), pointe (d), agus in Airteagail 85 agus 89 de Rialachán (AE) 2021/2116;

(iii) caiteachas arna dhearbhú sna cuntais bhliantúla is ábhartha maidir leis na haschuir réadaithe, a leagtar síos in Airteagal 32(1), pointe (c), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/128 ('glanchaiteachas');

(iv) an caiteachas poiblí iomlán gan maoiniú náisiúnta a áireamh;

(c) na haonadmhéideanna réadaithe is toradh air sin.

2.2.4. *Maoiniú náisiúnta breise*

Aschuir réadaithe arna nginiúint go heisiach trí mhaoiniú náisiúnta breise, tuairisceofar iad de réir na hidirghabhála.

Cúnamh airgeadais náisiúnta agus maoiniú náisiúnta breise dá dtagraítear in Airteagal 134(11) agus in Airteagal 115(5), pointí (a) agus (d), de Rialachán (AE) 2021/2115, tuairisceofar iad de réir na hidirghabhála.

2.3. **Aschuir réadaithe — luachanna comhiomlánaithe**

Cuimseofar san fhoroinn seo luachanna comhiomlánaithe na dtáscairí aschuir arna dtuairisciú i gcomhréir leis na modhanna ríofa a leagtar síos san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2290.

2.3.1. *Luachanna comhiomlánaithe na dtáscairí aschuir de réir idirghabhálacha agus aonaid tomhais*

2.3.2. *Luachanna comhiomlánaithe na dtáscairí aschuir de réir cineálacha idirghabhála agus aonaid tomhais*

2.3.3. *Luachanna comhiomlánaithe eile na dtáscairí aschuir*

### 2.4. Aonadmhéideanna tagartha breise

Má chinneann na Ballstáit úsáid a bhaint as an rogha a leagtar síos in Airteagal 134(6) de Rialachán (AE) 2021/2115, beidh san fhoroinn seo, in aghaidh gach idirghabháil lena mbaineann, an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 134(6), an chéad fhomhír, pointe (a), nó in Airteagal 134(6), an chéad fhomhír, pointe (b), den Rialachán sin.

### 2.5. Ionstraimí airgeadais a úsáid in idirghabhálacha forbartha tuaithe

San fhoroinn seo beidh faisnéis bhreise faoi úsáid ionstraimí airgeadais sa bhliain airgeadais roimhe sin i gcomhréir le hAirteagal 134(10) de Rialachán (AE) 2021/2115. Tuairisceofar an fhaisnéis bhreise sin de réir an chineáil idirghabhála.

### 2.6. Faisnéis faoi shíolta ola, faoi chadás agus faoi chabhair idirthréimhseach náisiúnta

Cuimseofar san fhoroinn seo an fhaisnéis faoi shíolta ola atá le tuairisciú i gcomhréir le hAirteagal 11(6) de Rialachán (AE) 2021/2115.

Cuimseofar san fhoroinn seo freisin an fhaisnéis faoin íocaíocht bharrshonrach le haghaidh cadáis atá le tuairisciú i gcomhréir le hAirteagal 137 de Rialachán (AE) 2021/2115, seachas i gcás na tuarascála bliantúla ar fheidhmíocht atá le tíolacadh faoin 15 Feabhra 2024.

Cuimseofar san fhoroinn seo freisin an fhaisnéis faoin gcabhair idirthréimhseach idirnáisiúnta atá le tuairisciú i gcomhréir le hAirteagal 138 de Rialachán (AE) 2021/2115, faisnéis a thuairisceofar de réir na hidirghabhála, seachas i gcás na tuarascála bliantúla ar fheidhmíocht atá le tíolacadh faoin 15 Feabhra 2024.

## 3. Achoimre ar na meastóireachtaí

Sa tuarascáil bhliantúil deiridh ar fheidhmíocht atá le tíolacadh faoin 15 Feabhra 2030, beidh sa roinn seo achoimre ar na meastóireachtaí a rinneadh le linn thréimhse chur chun feidhme an Phlean Straitéisigh CBT i gcomhréir le hAirteagal 134(2) de Rialachán (AE) 2021/2115.

Comhlánófar é le liosta meastóireachtaí a rinneadh le linn na tréimhse cur chun feidhme, agus cuimseofar an méid seo a leanas ann in aghaidh gach meastóireachta:

(a) teideal;

(b) dáta críochnaithe;

(c) an nasc atá ann le ceann amháin nó níos mó de na cuspóirí sonracha nó de na cuspóirí trasghearrtha dá dtagraítear in Airteagal 6(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2021/2115;

(d) na príomhchonclúidí agus na príomh-mholtaí;

(e) míniú ar an gcaoi a ndearnadh obair leantach ar na príomh-mholtaí;

(f) nasc chuig an tuarascáil mheastóireachta.